

Easpa Tithíocht sa Ghaeltacht

Authors:

Faye Ní Dhomhnaill, Comhaltas na Mac Léinn, Ollscoil na Gaillimhe

Abstract ID: 434

Event: USI/AMLÉ Comhdháil 2025

Topic: Gaeilge / Irish Language

Keywords: Gaeilge, housing

Rún Maidir Le: Easpa Tithíocht sa Ghaeltacht

Comhaltas na Mac Léinn, Ollscoil na Gaillimhe

Aithníonn an Comhdháil:

Go bhfuil easpa tithíochta sa Ghaeltacht anseo in Éirinn

Creideann an Comhdháil:

Is ceart go mbeidh tithíocht ar fáil do dhaoine sa Ghaeltacht. Más rud é nach bhfuil daoine in ann teacht ar thithíocht sa Ghaeltacht, is í an chéad chéim i dtreo báis na Gaeilge agus cultúir na nGaeil anseo in Éirinn.

Mar sin, ordaíonn an Chomhdháil:

Go mbeidh an Leasuachtarán don Ghaeilge le hAMLÉ ag tacú leis na feachtais Bánú na Gaeltachta agus Tinteán don Ghaeltacht. Déanfaidh siad stocaireacht ar an Rialtas ar líon tithíochta sa Ghaeltacht, agus an méid maoinithe atá ar fáil do thithíocht sa Ghaeltacht, a mhéadú. Rachaidh an Leasuachtarán i gcomhairle le muintir na Gaeltachta maidir leis an gcéad chéim eile.

Comhdháil Notes:

There is a lack of housing available in the Gaeltacht in Ireland

Comhdháil Believes:

Housing should be made available for people in the Gaeltacht. If people aren't able to obtain housing in the Gaeltacht. If people cannot obtain housing in the Gaeltacht, that is the first step towards the death of Irish language and culture.

Therefore, Comhdháil Mandates:

The USI/AMLÉ Leasuachtarán don Ghaeilge shall support the Bánú na Gaeltachta and

Tinteán don Ghaeltacht campaigns. They will lobby the Government for increased housing in the Gaeltacht, and the amount of funding available for Gaeltacht housing to be increased. The USI/AMLÉ VP Gaeilge will liaise with Gaeltacht residents in regards to the next steps.

Lámhleabhar Cearta Teanga

Authors:

Bláithín Nic a t-Sithigh, AMLÉ

Abstract ID: 411

Event: USI/AMLÉ Comhdháil 2025

Topic: Gaeilge / Irish Language

Keywords: -

Lámhleabhar Cearta Teanga

Grúpa Oibre na Gaeilge

Tugann an Chomhdháil faoi deara:

Gurb iad cearta teanga cearta bunúsacha daonna, a chinntíonn go bhfuil daoine in ann dul i dteagmháil le seirbhísí poiblí, an t-oidreachas agus an tsochaí trína dteanga roghnaithe. Mar sin féin, is minic nach gcuirtear na cearta seo i bhfeidhm mar gheall ar easpa feasachta fúthu.

Creideann an Chomhdháil:

Ba chóir go mbeadh rochtain ag gach mac léinn ar fud oileán na hÉireann ar eolas soiléir agus cuimsitheach faoina gcearta teanga, lena n-áirítear na forálacha ábhartha reachtaíochta sna dhá dhlínse. Cuirfidh feasacht mhéadaithe ar a gcumas do mhic léinn seasamh ar a gcearta agus chun freagracht a chuir ar institiúidí.

Aithníonn an Chomhdháil:

Go bhfuil Leas Uachtarán don Ghaeilge tar éis leabhrán Cearta Teanga a chur i gcló roimhe seo, ach go bhfuil sé as dáta anois agus nach bhfuil aon eolas ann faoi Thuaisceart Éireann.

Dá bhrí sin, sainordaíonn an Chomhdháil:

Go gcruthóidh agus go bhfoilseoidh an Leas Uachtarán don Ghaeilge leabhrán nua, suas chun dáta ar Cearta Teanga a leagfaidh amach cearta teanga na mac léinn ar fud Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Ba chóir go mbeadh an t-eolas sa leabhrán seo faoi reachtaíocht ábhartha, conas rochtain a fháil ar sheirbhísí trí Ghaeilge, agus treoir maidir le gearáin a dhéanamh nuair nach gcloítear leis na cearta seo. Ba chóir don leabhrán a bheith ar fáil go dátheangach.

Anuas ar sin, sainordaíonn an Chomhdháil:

Go n-oibreoidh an Leas Uachtarán don Ghaeilge i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha, lena n-áirítear An Coimisinéir Teanga sa Deisceart agus an Coimisinéir Teanga nua i dTuaisceart Éireann, a luaithe a bheidh an ról sin líonta go hoifigiúil, chomh maith le grúpaí eile a

dhéanann abhcóideacht ar son chearta teanga, chun cruinneas agus inrochtaineacht an leabhráin a chinntiú.

Anuas ar sin, sainordaíonn an Chomhdháil:

Go gcuirfidh an Leas Uachtarán don Ghaeilge an leabhrán Cearta Teanga chun cinn go gníomhach agus go ndéanfaidh siad é a dháileadh ar Aontais na Mac Léinn, institiúidí oideachais, agus eagraíochtaí mac léinn ar fud an oileáin, lena chinntiú go mbeidh rochtain ag gach mac léinn ar eolas faoina gcearta teanga agus go ndéanfar an leabhrán a nuashonrú de réir mar a thagann athruithe ar chearta teanga.

Comhdháil Notes:

That language rights are fundamental human rights, ensuring individuals can engage with public services, education, and society in their chosen language. However, a lack of awareness of these rights often leads to their non-implementation.

Comhdháil Believes:

That all students across the island of Ireland should have access to clear and comprehensive information on their language rights, including their entitlements under relevant legislation in both jurisdictions. Increased awareness will empower students to advocate for their rights and hold institutions accountable.

Comhdháil Recognises:

That in the past, the Leas Uachtarán don Ghaeilge has produced a Cearta Teanga booklet, but it is now outdated and does not include information on Northern Ireland.

Therefore, Comhdháil Mandates:

The Leas Uachtarán don Ghaeilge to develop and publish a new and updated Cearta Teanga booklet outlining the language rights of students across both the Republic of Ireland and Northern Ireland. This booklet should include information on relevant legislation, how to access services through Irish, and guidance on making complaints where rights are not upheld. The booklet should be available bilingually.

Comhdháil Further Mandates:

The Leas Uachtarán don Ghaeilge to collaborate with relevant organisations, including An Coimisinéir Teanga in the South and the newly established Coimisinéir Teanga in the North, once the role has officially been filled, along with other language rights advocacy groups to ensure the accuracy and accessibility of the booklet.

Comhdháil Further Mandates:

The Leas Uachtarán don Ghaeilge to actively promote and distribute the Cearta Teanga booklet to Students' Unions, educational institutions, and student organisations across the island, ensuring all students have access to information on their language rights and to update the booklet when changes to language rights occur.

Ag tacú le Gaeilgeoirí ó thuaidh le bpolasaithe Gaeilge /
Supporting Gaeilgeoirí in the North with Irish language
policy

Authors:

Eli McBriarty, QUBSU

Abstract ID: 410

Event: USI/AMLÉ Comhdháil 2025

Topic: Gaeilge / Irish Language

Keywords: Irish language, the North of Ireland

**BEGIN YOUR MOTION OR AMENDMENT
BELOW THE DASHED LINES BENEATH
THE INSTRUCTIONS**

**Please put the title of the motion at the
top of the motion in H1**

**Please put your SU name (or the committee on behalf
of which you are proposing a motion or amendment) at
the top of the motion in H2**

Formatting: put any 'Congress notes/believes/' etc prefixes in **H3 or Bold** and make sure a
space exists between each clause paragraph. Have a look at
<https://congress.usi.ie/writing-a-motion-for-usi-congress/> for advice.

**Ag tacú le Gaeilgeoirí ó thuaidh le
bpolasaithe Gaeilge / Supporting
Gaeilgeoirí in the North with Irish**

language policy

Queens University Belfast Students Union

Comhdháil notes

That the news of the appointment of an Irish language commissioner is a step in the right direction, however Irish speakers in the north still face challenges in accessing services in Irish.

Comhdháil acknowledges

The incredible campaigning of Conradh na Gaeilge, an Dream Dearg, community groups, students' unions and activists in the North were instrumental towards securing an Irish Language Act.

Comhdháil believes

That Irish language speakers in the North have waited too long for support of the Irish language. The Northern Ireland executive must work to support the Irish language in the North through the Irish Language commissioner

Comhdháil mandates

The AMLÉ/USI Coiste Gnó, with particular mandate on LU don Ghaeilge and VP for Campaigns in collaboration with NUS-USI President, to take proactive measures to support Student Unions develop Irish language policy.

Comhdháil further mandates

The AMLÉ/USI Coiste Gnó will undertake efforts to encourage the use of Irish within the North and promote Irish within Northern Students Unions.

Aithníonn an Comhdháil

Is céim sa treo ceart an nuacht faoi cheapachán coimisinéir don Ghaeilge, ach tá dúshlán fós le sárú ag lucht na Gaeilge ó thuaidh maidir le teacht ar sheirbhísí I nGaeilge.

Aithníonn an Comhdháil

Feachtasaíocht láidir Conradh na Gaeilge, an Dream Dearg, grúpaí pobail, aontais na macléinn, agus gníomhaíthe i dtreo Acht Gaeilge a fháil.

Creideann an Comhdháil

Tá Gaeilgeoirí sa tuaisceart ag fanacht I bhfad ar tacaíocht don Ghaeilge. Caithfidh an Feidhmeannas Thuaisceart Éireann tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge tríd an coimisinéir Gaeilge.

Sainordaíonn an Chomhdháil

An Coiste Gnó, le béim áirithe ar an LU don Ghaeilge agus LU d'Fheachtasaíocht I gcomhar leis an Uachtaran do NUS-USI, céimeanna réamhghíomhach a ghlacadh chun tacaíocht a thabhairt do na hAontas na Mac Leinn I dtuaisceart na Éireann le bpolasaithe Gaeilge a fhorbairt.

Chomh maith leis sin sainordaíonn an Chomhdháil

Tabharfaidh an Coiste Gnó faoi iarrachtaí an Ghaeilge a spreagadh sa tuaisceart agus í a chuir chun cinn i nAontas na Mac Léinn sa Tuaisceart.

Aitheantas an Síneadh Fada a Chinntiú

Authors:

Bláithín Nic a t-Sithigh, AMLÉ

Abstract ID: 407

Event: USI/AMLÉ Comhdháil 2025

Topic: Gaeilge / Irish Language

Keywords: -

Aitheantas an Síneadh Fada a Chinntiú

Grúpa Oibre na Gaeilge

Aithníonn an Chomhdháil:

Gurb í an Ghaeilge an chéad teanga oifigiúil de chuid an Stáit mar atá leagtha amach i mBunreacht na hÉireann, agus go bhfuil go leor mac léinn ar fud oileán na hÉireann a bhfuil ainmneacha Gaeilge acu le síneadh fada iontu.

Aithníonn an Chomhdháil:

Go bhfuil cearta teanga na Gaeilge ina n-ábhar conspóide i dTuaisceart Éireann, agus nach bhfuil an Síneadh Fada aitheanta go comhsheasmhach ar dhoiciméid oifigiúla ná ar chórais phoiblí, rud a fhágann go mbíonn sé deacair ar chainteoirí Gaeilge a n-ainmneacha a úsáid i gceart.

Aithníonn an Chomhdháil le himní:

Go bhfuil Éire ar cheann de chúpla tír san Eoraip nach bhfuil an Béarla mar phríomhtheanga oifigiúil aici, ach fós féin níl córais ríomhaireachta na ranna stáit agus na gcomhlachtaí poiblí, lena n-áirítear Institiúidí Ardoideachais (IAanna), feistithe i gceart chun an Síneadh Fada nó carachtair speisialta eile a phróiseáil.

Aithníonn an Chomhdháil:

Go bhfuil cosaint dhlíthiúil ag an Síneadh Fada anois faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2021 (Leasú) agus gur chóir do chórais stáit é sin a aithint.

Is oth leis an gComhdháil:

Níl go leor comhlachtaí poiblí agus IAanna tar éis an riachtanais dhlíthiúil seo a chur i bhfeidhm mar gheall ar easpa tacaíochta rialtais agus easpa maoiniú chun córais ríomhaireachta a nuashonrú le go mbeidís in ann an Síneadh Fada a phróiseáil.

Creideann an Chomhdháil:

Go bhfuil sé de cheart ag gach duine a n-ainm agus a bhféiniúlacht a aithint i gceart, agus ba chóir go mbeadh sé sin feidhmiúil ar gach doiciméad oifigiúil a eisiúint comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- Cártaí aitheantais mac léinn

- Cártaí taistil phoiblí (m.sh., Leap Card)
- Córais ar líne ollscoile agus IAanna
- Taifid phoiblí amhail an Clár na dTogthóirí

Mar sin, sainordaíonn an Comhdháil:

Go ndéanfaidh an Leas Uachtarán don Ghaeilge stocaireacht ar an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais agus ar na ranna rialtais ábhartha chun an Síneadh Fada a aithint agus a chur i bhfeidhm go hiomlán i ngach comhlacht stáit agus institiúid ardoideachais, ag cinntiú go gcuirfear córais ríomhaireachta agus doiciméid oifigiúla in oiriúint chun tacú leis an Síneadh Fada agus le carachtair speisialta eile.

Anuas ar sin, sainordaíonn an Comhdháil:

Go dtacóidh an Leas Uachtarán don Ghaeilge le hAontais na Mac Léinn áitiúla chun brú a chur ar ollscoileanna agus coláistí cloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2021 (Leasú) agus Síneadh Fada a chur i bhfeidhm ar gach córas aitheantais mac léinn, lena n-áirítear cártaí mic léinn, taifid acadúla, agus tairseacha ollscoile.

Chomh maith le sin, sainordaíonn an Comhdháil:

Go reáchtálfaidh an Leas Uachtarán don Ghaeilge feachtas bliantúil feasachta ar thábhacht an tSíneadh Fada agus cearta teanga, i gcomhairle le hOifig an Choimisinéara Teanga, chun mic léinn a chur ar an eolas faoina gcearta agus conas neamh-chomhlíonadh a throid.

Chomh maith le sin, sainordaíonn an Comhdháil:

Go ndéanfaidh AMLÉ athbhreithniú agus tuairisciú bliantúil ar dhul chun cinn chomhlachtaí poiblí agus IAanna i gcomhairle le hOifig an Choimisinéara Teanga, maidir le haitheantas iomlán an tSíneadh Fada a chur i bhfeidhm, ag cur brú ar institiúidí atá fós ag cur bac ar úsáid cheart na Gaeilge.

Motion on Síneadh Fada

Comhdháil Notes:

That Irish is the official first language of the Irish State, as outlined in Bunreacht na hÉireann, and that many students across the island of Ireland have Irish names with a Síneadh Fada.

Comhdháil Further Notes:

That in Northern Ireland, Irish language rights remain a contentious issue, and recognition of the Síneadh Fada on official documents and public systems remains inconsistent, leaving many Irish speakers without proper representation of their names.

Comhdháil Notes with Concern:

That Ireland is one of the few countries in Europe where English is not the first official language, yet computer systems used by State departments and public bodies, including Higher Education Institutions (HEIs), are not properly equipped to process the Síneadh Fada or other special characters.

Comhdháil Recognises:

That the Síneadh Fada now has legal protection under Acht na dTeangacha Oifigiúla 2021 (Leasú) and must be recognised in official state systems.

Comhdháil Regrets:

That many public bodies and HEIs have yet to fully implement this legal requirement due to a lack of government support and funding in updating computer systems to process the Síneadh Fada.

Comhdháil Believes:

That everyone has the right to their correct name and identity, and this should be fully recognised on all official documentation issued by public bodies, including but not limited to:

- Student ID cards
- Public transport cards (e.g., Leap Card)
- University and HEI online systems
- Public records such as the Register of Electors

Therefore, Comhdháil Mandates:

The Leas Uachtarán don Ghaeilge to lobby the Minister for Further and Higher Education and relevant government departments for the full recognition and implementation of the Síneadh Fada across all state bodies and higher education institutions, ensuring computer systems and official documents facilitate the use of the Síneadh Fada and other special characters.

Comhdháil further Mandates:

The Leas Uachtarán don Ghaeilge to support and coordinate with Students' Unions to lobby their universities and colleges to comply with Acht na dTeangacha Oifigiúla 2021 (Leasú) and to implement Síneadh Fada recognition across all student identification systems, including student ID cards, academic records, and university portals.

Comhdháil further Mandates:

The Leas Uachtarán don Ghaeilge to run an annual awareness campaign on the importance of the Síneadh Fada and language rights, in consultation with Oifig an Choimisinéara Teanga, ensuring students are informed of their rights and how to challenge non-compliance.

Comhdháil further Mandates:

AMLÉ to review and report annually on the progress of public bodies and HEIs in

consultation with Oifig an Choimisinéara Teanga, in implementing full Síneadh Fada recognition, identifying institutions that remain non-compliant and putting pressure on them to make necessary changes.

Scéim Gníomhaí Gaeilge

Authors:

Bláithín Nic a t-Sithigh, AMLÉ

Abstract ID: 405

Event: USI/AMLÉ Comhdháil 2025

Topic: Gaeilge / Irish Language

Keywords: -

Scéim Gníomhaí Gaeilge

Grúpa Oibre na Gaeilge

Aithníonn an Chomhdháil:

Go réachtáiltear an scéim Gníomhaí Gaeilge i gcomhpháirtíocht idir AMLÉ, Conradh na Gaeilge, agus an tÚdarás um Ard Oideachais (ÚAO).

Anuas ar sin, Aithníonn an Chomhdháil:

Tá obair shuntasach déanta ag Balleagraíochtaí a ghlac páirt i nGníomhaí Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn ina gcoláistí. Mar sin féin, tá dúshlán roimh go leor Balleagraíochtaí, go háirithe iad siúd a bhfuil acmhainní teoranta acu, maidir le rannpháirtíocht sa scéim.

Creideann an Chomhdháil:

Tá sé ríthábhachtach an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh de na Balleagraíochtaí, agus ba cheart scéim Gníomhaí Gaeilge a úsáid mar uirlis chun cabhrú le Balleagraíochtaí a bheith níos dátheangacha.

Mar sin, sainordaíonn an Chomhdháil:

An Leas Uachtarán don Ghaeilge leanúint lena gcomhoibriú le Conradh na Gaeilge agus an tÚAO chun an scéim a fhorbairt tuilleadh, ag cinntiú go mbeidh sí níos inrochtana do gach Balleagraíocht, agus fógra a thabhairt do Balleagraíochtaí ar na dátaí cláraithe don scéim.

Anuas ar sin, Sainordaíonn an Chomhdháil:

An Leas Uachtarán don Ghaeilge oibriú le Comhordaitheoir Gníomhaí Gaeilge chun tacú le Balleagraíochtaí chun gníomhartha na scéime a chur i gcrích agus iad a threorú ina n-
iarrachtaí a bheith níos dátheangach.

Comhdháil Notes:

That Gníomhaí Gaeilge is run in partnership between AMLÉ, Conradh na Gaeilge, and the Higher Education Authority (HEA).

Comhdháil Further Notes:

Significant work has been carried out by Member Organisations (MOs) participating in Gníomhaí Gaeilge to promote Irish within their colleges. Many MOs, particularly those with limited resources, have faced challenges in engaging with the scheme.

Comhdháil Believes:

The promotion of Irish within MOs is of great importance, and the Gníomhaí Gaeilge scheme should be used as a tool to help MOs become more bilingual.

Therefore, Comhdháil Mandates:

The Leas Uachtarán don Ghaeilge to continue working with Conradh na Gaeilge and the HEA to further develop the scheme, ensuring greater accessibility for all MOs, and to actively inform MOs about the registration dates for the scheme.

Comhdháil Also Mandates:

The Leas Uachtarán don Ghaeilge to support MOs in completing key actions outlined in the scheme and in their efforts to become more bilingual.

Ranganna Gaeilge Saor in Aisce do Mhic Léinn Tríú Leibhéal

Authors:

Bláithín Nic a t-Sithigh, AMLÉ

Abstract ID: 404

Event: USI/AMLÉ Comhdháil 2025

Topic: Gaeilge / Irish Language

Keywords: -

Ranganna Gaeilge Saor in Aisce do Mhic Léinn Tríú Leibhéal

Academic Affairs Working Group

Aithníonn an Chomhdháil:

Tá go leor daoine óga, go háirithe mic léinn tríú leibhéal ag iarraidh a gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú ach bíonn constaicí airgeadais agus eile ann roimh rochtain a fháil ar ranganna.

Aithníonn an Chomhdháil:

Cé go gcuireann roinnt ollscoileanna agus institiúidí ranganna Gaeilge ar fáil, éilíonn go leor acu táillí, rud a chuireann teorainn le rochtain do mhic léinn agus do dhaoine óga.

Aithníonn an Chomhdháil:

Sa Bhreatain Bheag, tá rochtain ag daoine óga idir 18-25 bliain d'aois ar ranganna saor in aisce sa Bhreatnais trí chláir cosúil le Dysgu Cymraeg, atá maoinithe ag Rialtas na Breataine Bige. Tá na ranganna seo ar fáil ar líne agus i bpearsan, rud a chinntíonn inrochtaineacht bheag beann ar shuíomh. Léiríonn an tsamhail seo cur chuige rathúil i dtaobh athbheochan teanga, agus d'fhéadfaí é a chur i bhfeidhm don Ghaeilge chun deiseanna foghlama struchtúrtha a sholáthar gan constaicí airgeadais.

Creideann an Chomhdháil:

Ba cheart go mbeadh an deis ag gach mac léinn tríú leibhéal agus gach duine idir 18-25 bliain d'aois an Ghaeilge a fhoghlaim nó a fheabhsú gan bacainní airgeadais. Chuirfeadh soláthar ranganna Gaeilge saor in aisce le normalú agus spreagadh úsáide laethúla na Gaeilge, rud a thacódh lena hathbheochan agus a neartódh a láithreachta sa tsochaí.

Mar sin, Sainordaíonn an Chomhdháil:

An Leas Uachtarán don Ghaeilge chun feachtasaíocht a dhéanamh ar son ranganna Gaeilge

saor in aisce do gach mac léinn tríú leibhéal agus gach duine idir 18-25 bliain d'aois. Ba cheart don Leas Uachtarán don Ghaeilge dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear Ranna Rialtais, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus eagraíochtaí Gaeilge, chun maoiniú agus athruithe polasaí a bhrú chun cinn a chuirfeadh ar chumas na ranganna seo a bheith ar fáil go forleathan.

Chomh maith le sin, sainordaíonn an Chomhdháil:

An Leas Uachtarán don Ghaeilge chun tacú le tionscnaimh agus iad a chur chun cinn a chuireann deiseanna foghlama Gaeilge atá inrochtana agus saor in aisce ar fáil do mhic léinn agus do dhaoine óga.

Comhdháil Notes:

Many young people, particularly third level students wish to improve their Gaeilge, but face financial barriers and other barriers limit them in accessing classes.

Comhdháil Further Notes:

While some universities and institutions offer Irish language classes, many require fees, limiting accessibility for students.

Comhdháil Further Notes:

In Wales, young people aged 18-25 have access to free Welsh language classes through programs such as Dysgu Cymraeg, funded by the Welsh Government. These classes are available online and in person, ensuring accessibility regardless of location. This model demonstrates a successful approach to language revitalisation that could be adapted for Irish, providing structured learning opportunities without financial obstacles.

Comhdháil Believes:

All third level students and young people aged 18-25 should have the opportunity to learn or improve their Irish without financial barriers. The provision of free Irish language classes would help normalise and encourage the daily use of Gaeilge, supporting its revitalisation and strengthening its presence in society.

Therefore, Comhdháil Mandates:

The Leas Uachtarán don Ghaeilge to campaign for the provision of free Irish language classes for all third-level students and young people aged 18-25. The Leas Uachtarán don Ghaeilge to engage with relevant stakeholders, including government bodies, the Higher Education Authority (HEA), and Irish language organisations, to push for funding and policy changes that would make these classes widely available.

Comhdháil Further Mandates:

The Leas Uachtarán don Ghaeilge to support and promote initiatives that provide accessible and free Irish language learning opportunities for students and young people.

Soiléiriú ar Ról an Leas Uachtaráin don Ghaeilge i dtaobh Aistriúcháin

Authors:

Bláithín Nic a t-Sithigh, AMLÉ

Abstract ID: 403

Event: USI/AMLÉ Comhdháil 2025

Topic: Gaeilge / Irish Language

Keywords: -

Soiléiriú ar Ról an Leas Uachtaráin don Ghaeilge i dtaobh Aistriúcháin

International Affairs Working Group

Aithníonn an Chomhdháil

Tá an tuiscint mhícheart ann go minic gurb é ról an Leas Uachtaráin don Ghaeilge a bheith mar aistritheoir ar ábhar Gaeilge an Aontais.

Creideann an Chomhdháil

Is é príomhfheidhm an Leas Uachtaráin don Ghaeilge ná treoir a thabhairt do pholasaí Gaeilge AMLÉ, an teanga a chur chun cinn agus a úsáid a spreagadh, agus tacú le mic léinn maidir lena rannpháirtíocht trí Ghaeilge. Cé go bhfuil seirbhísí aistriúcháin tábhachtach, níor cheart go mbeidís mar chuid de chúram an Leas Uachtaráin don Ghaeilge, mar go gcuireann sé sin bac ar thionchar straitéiseach a gcuid oibre. Tríd an ról seo a thuiscint mar aistritheoir, laghdaítear cumas ceannaireachta agus tionchar iomlán an phoist.

Mar sin, sainordaíonn an Chomhdháil:

Go ndéanfaidh Coiste Gnó AMLÉ cumarsáid shoiléir le gach balleagraíocht agus páirtí leasmhar nach bhfuil sé de fhreagracht ar an Leas Uachtarán don Ghaeilge aistriúcháin Gaeilge a sholáthar.

Anuas ar sin, sainordaíonn an Chomhdháil:

Ní mór do Choiste Gnó AMLÉ, go háirithe an tUachtarán agus an Leas Uachtarán don Ghaeilge, a chinntiú go bhfuil acmhainní cuí, amhail seirbhísí gairmiúla aistriúcháin, ar fáil chun freastal ar riachtanais aistriúcháin Gaeilge an Aontais, go neamhspleách ar ról an Leas Uachtaráin don Ghaeilge.

Chomh maith le sin, sainordaíonn an Chomhdháil:

Ní mór don Leas Uachtarán don Ghaeilge leanúint ar aghaidh lena sainchúram mar

cheannaire sa chur chun cinn agus i bhforbairt na Gaeilge, gan an t-ionchas go mbeidh siad ag gníomhú mar aistritheoir.

Comhdháil Notes:

There is a common misconception that the role of the Leas Uachtarán don Ghaeilge is to serve as a translator for the Union's Irish-language content.

Comhdháil Believes:

The primary function of the Leas Uachtarán don Ghaeilge is to lead AMLÉ's Irish language policy, advocate for the use and promotion of the language, and support students in engaging with Gaeilge. While translation services are important, they should not fall under the remit of the Leas Uachtarán don Ghaeilge, as this undermines the strategic focus of their work. Misinterpreting this role as a translation service diminishes the position's leadership capacity and overall impact.

Therefore Comhdháil Mandates:

AMLÉ Coiste Gnó to communicate clearly to all members and stakeholders that the Leas Uachtarán don Ghaeilge is not responsible for providing Irish-language translations.

Comhdháil Further Mandates:

AMLÉ Coiste Gnó, in particular the President and Leas Uachtarán don Ghaeilge, must ensure that appropriate resources, such as professional translation services, are made available to meet the organisation's Irish-language translation needs independently of the Leas Uachtarán don Ghaeilge's role.

Comhdháil Further Mandates:

The Leas Uachtarán don Ghaeilge is to remain focused on their mandate of leadership in the promotion and development of Gaeilge, without the expectation of serving as a translator.

Imeacht Gaeilge AMLÉ

Authors:

Bláithín Nic a t-Sithigh, AMLÉ

Abstract ID: 399

Event: USI/AMLÉ Comhdháil 2025

Topic: Gaeilge / Irish Language

Keywords: -

Imeacht Gaeilge AMLÉ

International Affairs Working Group

Aithníonn an Chomhdháil

An rath a bhí ar an chéad mhórimeacht Gaeilge AMLÉ 'ComhGhael', a reáchtáladh i mí Feabhra 2025, eagraithe ag an Leas Uachtarán don Ghaeilge i gcomhar le grúpaí éagsúla.

Aithníonn an Chomhdháil:

Bhí Uachtarán NUS na Breataine Bige agus ionadaí ó Oifig an Choimisinéara Teanga i láthair ag an imeacht seo ag tabhairt cainteanna, ag cur béime ar thábhacht na trasnaitheacht maidir le haitheantas a thabhairt do theangacha mionlaigh, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus ar ról lárnach an Choimisinéara Teanga i gcosaint agus cur chun cinn na Gaeilge.

Aithníonn an Chomhdháil:

Tábhacht imeachtaí dá leithéid chun rannpháirtíocht a spreagadh i measc Balleagraíochtaí, mic léinn, agus páirtithe leasmhara seachtracha i ngníomhaíochtaí AMLÉ. Cruthaíonn imeachtaí den chineál seo deiseanna luachmhara líonraithe agus cabhraíonn siad le forbairt polasaí laistigh den Aontas.

Mar sin, sainordaíonn an Chomhdháil:

An Leas Uachtarán don Ghaeilge imeacht bliantúil a eagrú, a bheidh á reáchtáil go príomha trí mheán na Gaeilge, chun úsáid na Gaeilge san earnáil thríú leibhéal agus sa tsochaí i gcoitinne a chur chun cinn. Cé go mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga an imeachta, ba chóir dó díriú ar théamaí níos leithne seachas an teanga amháin. Ba chóir é a eagrú i gcomhar le hOifigigh Gaeilge ó na Balleagraíochtaí, chomh maith le heagraíochtaí a oibríonn chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

Comhdháil Notes:

The success of AMLÉ's first major Irish-language event, ComhGhael, which was held in February 2025. The event was organised by the Leas Uachtarán don Ghaeilge in collaboration with various groups.

Comhdháil Recognises:

The President of NUS Wales and representatives from Oifig an Choimisinéara Teanga were present at this event, emphasizing the importance of intersectionality in the recognition of minority languages, both nationally and internationally, as well as the central role of the Language Commissioner in protecting and promoting the Irish language.

Comhdháil Also Recognises:

The significance of such events in encouraging participation among Member Organisations, students, and external stakeholders in AMLÉ's activities. Events like these create valuable networking opportunities and contribute to policy development within the Union.

Therefore, Comhdháil Mandates:

The Leas Uachtarán don Ghaeilge to organise an annual event, conducted primarily through Irish, to promote the use of the Irish language in third-level education and wider society. While Irish will be the primary language of the event, it should also focus on broader themes beyond language alone. It should be organised in collaboration with Oifigigh Gaeilge from Member Organisations, as well as organisations that work to promote the Irish language.